2024/2894

18.11.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2894 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Samhain 2024

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1532 ([1]).

(2) An 14 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2698 ([2]) lenar leasaíodh Cinneadh (CBES) 2023/1532 agus lenar liostaíodh aerlínte áirithe de chuid na hIaráine.

(3) Sna conclúidí uaithi an 21 agus an 22 Márta 2024, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl dá ndéanfadh an Iaráin diúracáin bhalaistíocha agus teicneolaíocht ghaolmhar a aistriú chun na Rúise lena n-úsáid i gcoinne na hÚcráine, tar éis di aerárthaigh gan foireann a sholáthar don Rúis, atá in úsáid gan stad i gcoinne an phobail shibhialta san Úcráin, go mbeadh an tAontas faoi réir chun freagairt go tapa agus i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear le bearta sriantacha suntasacha nua i gcoinne na hIaráine. Thairis sin, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl nach mór an rochtain atá ag an Rúis ar ábhair agus teicneolaíochtaí íogaire atá ábhartha don láthair chatha a shrianadh a mhéid is féidir, lena n-áirítear trí dhíriú ar eintitis i dtríú tíortha lena gcumasaítear teacht timpeall ar smachtbhannaí. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') agus ar an gCoimisiún smachtbhannaí breise a ullmhú i gcoinne na Bealarúise, na Cóiré Thuaidh agus na hIaráine.

(4) An 13 Meán Fómhair 2024, i ráiteas ón Ardionadaí thar ceann an Aontais, cháin an tAontas go láidir aistriú na ndiúracán balaistíoch de dhéantús na hIaráine chuig an Rúis le déanaí, agus meastar gur bagairt dhíreach é sin ar shlándáil na hEorpa agus gur géarú ábhartha substainteach é ar sholáthar aerárthaigh gan foireann agus armlóin ón Iaráin, a d'úsáid an Rúis ina cogadh foghach neamhdhleathach ar an Úcráin. D'fhreagródh an tAontas go pras agus i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear le bearta sriantacha suntasacha nua i gcoinne na hIaráine, lena n-áirítear daoine aonair agus eintitis a ainmniú a bhfuil baint acu le cláir diúracán balaistíoch agus ladrann na hIaráine, agus i ndáil leis an méid sin, go raibh bearta sriantacha in earnáil eitlíochta na hIaráine á mbreithniú aige freisin.

(5) Tá aerárthaí a tháirgtear san Iaráin á n-úsáid ag an Rúis chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, rud a sháraíonn ceannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na hÚcráine, lena n-áirítear i gcoinne sibhialtach agus in aghaidh an bhonneagair shibhialtaigh. Dá bhrí sin, trí chlár Státurraithe na hIaráine chun aerárthaí gan foireann a fhorbairt agus a tháirgeadh, rannchuidítear le sáruithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar bhunphrionsabail an dlí idirnáisiúnta.

(6) Tá clár diúracán na hIaráine, atá bunaithe ar chuideachtaí atá faoi úinéireacht stáit chomh maith le cuideachtaí príobháideacha agus a bhaineann tairbhe as cumais taighde intíre, á reáchtáil ag Aireacht Cosanta agus Lóistíocht Fhórsaí Armtha na hIaráine agus ag Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí, a bhfuil an dá cheann acu faoi réir bhearta sriantacha an Aontais.

(7) Is ábhar mór imní é aistriú aerárthaí gan foireann agus diúracán agus teicneolaíochtaí gaolmhara, agus comhpháirteanna díobh, de dhéantús na hIaráine, chuig an Rúis agus chuig grúpaí armtha neamhstáit sa Mheánoirthear agus níos faide i gcéin. Ina theannta sin, d'aistrigh an Iaráin aerárthaí gan foireann agus diúracáin agus teicneolaíochtaí gaolmhara, agus comhpháirteanna díobh, de dhéantús na hIaráine, chuig an Rúis, lena n-áirítear trí bhíthin árthaí agus calafort.

([1]) Cinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine (IO L 186, 25.7.2023, lch. 20).

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/2698 ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua (IO L, 2024/2698, 14.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2698/oj).

(8) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, agus mar fhreagairt ar thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, go háirithe agus an Iaráin ag soláthar aerárthaí gan foireann agus diúracáin don Rúis, rud a bhaineann an bonn den tsíocháin agus den tslándáil, agus ar bagairt dhíreach é ar shlándáil na hEorpa, is iomchuí tuilleadh bearta sriantacha a thabhairt isteach. Beidh na bearta sin á n-athbhreithniú agus féadfar iad a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, nó féadfar iad a fhorlíonadh le bearta sriantacha eile, i bhfianaise forbairtí ar an láthair.

(9) Sa chomhthéacs sin, ba cheart duine amháin agus ceithre eintiteas a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1532.

(10) Is iomchuí freisin na critéir maidir le liostú a leasú agus foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí spriocdhírithe áirithe ón reo sócmhainní.

(11) Thairis sin, is iomchuí toirmeasc a chur ar chomhpháirteanna a úsáidtear i bhforbairt agus i dtáirgeadh diúracán a onnmhairiú, a aistriú ón Aontas chuig an Iaráin, a sholáthar di nó a dhíol léi.

(12) Is iomchuí freisin toirmeasc a chur ar chomhpháirteanna breise a úsáidtear i bhforbairt agus i dtáirgeadh aerárthaí gan foireann a onnmhairiú, a aistriú ón Aontas chuig an Iaráin, a sholáthar di nó a dhíol léi.

(13) Is iomchuí toirmeasc a chur ar aon idirbheart díreach nó indíreach le calafoirt agus loic, lena n-áirítear rochtain ar a saoráidí nó soláthar aon seirbhísí, atá faoi úinéireacht, á n-oibriú nó á rialú ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a liostaítear sa Chinneadh seo nó a úsáidtear chun aerárthaí gan foireann nó diúracáin de chuid na hIaráine nó teicneolaíocht ghaolmhar nó comhpháirteanna díobh a aistriú chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Ina theannta sin, is iomchuí raon feidhme an toirmisc ar rochtain ar chalafoirt do shoithí a shoiléiriú agus díolúine a chur leis.

(14) Sa chomhthéacs sin, ba cheart dhá chalafort a áireamh ar liosta na gcalafort agus na loc a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1532.

(15) Tá gá le gníomhaíocht bhreise ón Aontas chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(16) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2023/1532 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1, mír 1:

‘1. Earraí agus teicneolaíocht a d’fhéadfadh cur le cumas na hIaráine aerárthaí gan foireann nó diúracáin a mhonarú, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, beidh toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú agus a n-onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas, comhlacht nó soitheach san Iaráin nó lena n-úsáid san Iaráin.

Earraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar a n-idirthuras trí chríoch na hIaráine.’;

(2) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 1a*

1. Toirmiscfear gabháil, go díreach nó go hindíreach, d’aon idirbheart leis na calafoirt agus na loic seo a leanas:

(a) atá faoi úinéireacht, á n-oibriú nó á rialú ag aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn I;

(b) atá faoi úinéireacht, á n-oibriú nó á rialú ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil 50 % nó níos mó dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn I;

(c) atá faoi úinéireacht, á n-oibriú nó á rialú ag duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú thar ceann nó ar stiúradh eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den mhír seo; nó

(d) a úsáidtear le haghaidh aerárthaí gan foireann nó diúracáin nó teicneolaíochtaí gaolmhara de chuid na hIaráine, nó comhpháirteanna díobh, a aistriú chun tacú leis an Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin,

mar a liostaítear in Iarscríbhinn II.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás soithigh a bhfuil cúnamh de dhíth air agus é ag lorg áit dídine, i gcás cuairt éigeandála ar chalafort ar chúiseanna sábháilteachta muirí, nó chun beatha a shábháil ar muir, nó chun críoch daonnúil, nó chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, ar teagmhas é ar dócha go mbeidh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2, mír 1:

'1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun teacht isteach ina gcríocha, nó chun idirthuras trína gcríocha, a chosc i leith na ndaoine nádúrtha seo a leanas:

(a) atá freagrach as clár aerárthaí gan foireann nó diúracán na hIaráine, a thugann tacaíocht dó nó atá bainteach leis;

(b) a sholáthraíonn nó a dhíolann aerárthaí gan foireann nó diúracáin na hIaráine nó teicneolaíochtaí gaolmhara nó comhpháirteanna díobh, nó atá bainteach ar shlí eile lena n-aistriú:

(i) chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine;

(ii) chuig grúpaí armtha agus eintitis armtha a bhfuil dochar á dhéanamh acu don tsíocháin agus don tslándáil sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua;

(iii) chuig daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá ag gníomhú de shárú ar Rún 2216 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe; nó

(c) a bhfuil baint acu le daoine nádúrtha dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b);

mar a liostaítear in Iarscríbhinn I.'.

(4) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile ar le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí iad, nó atá faoi úinéireacht, i seilbh nó faoi rialú na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí sin:

(a) atá freagrach as clár aerárthaí gan foireann nó diúracán na hIaráine, a thugann tacaíocht dó nó atá bainteach leis;

(b) a sholáthraíonn nó a dhíolann aerárthaí gan foireann nó diúracáin na hIaráine nó teicneolaíochtaí gaolmhara nó comhpháirteanna díobh, nó atá bainteach ar shlí eile lena n-aistriú:

(i) chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine;

(ii) chuig grúpaí armtha agus eintitis armtha a bhfuil dochar á dhéanamh acu don tsíocháin agus don tslándáil sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua;

(iii) chuig daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá ag gníomhú de shárú ar Rún 2216 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe; nó,

(c) a bhfuil baint acu le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, le heintitis nó le comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b);

mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, déanfar iad a reo.';

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'9a. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná mír 2 maidir le cistí ná acmhainní eacnamaíocha a bhfuil gá leo le haghaidh na nithe seo a leanas:

(a) cuspóirí daonnúla, daoine a aslonnú nó a aisdúichiú, nó tionscnaimh lena dtugtar tacaíocht d'íospartaigh tubaistí nádúrtha, núicléacha nó ceimiceacha;

(b) oibriú eitiltí a theastaíonn chun freastal ar chruinnithe arb é is aidhm leo réiteach a fháil ar thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, nó lena gcuirtear chun cinn cuspóirí beartais na mbeart sriantach;

(c) tuirlingt, éirí den talamh nó traseitilt éigeandála; nó

(d) taisteal, chun críocha oifigiúla, chomhaltaí mhisin taidhleoireachta nó chonsalacha na mBallstát san Iaráin nó chomhaltaí eagraíochtaí idirnáisiúnta a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

9b. Cuirfidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad ina gcónaí, lonnaithe, bunaithe nó ionchorpraithe ar an eolas faoi chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil de bhun mhír 9a, laistigh de 2 sheachtain ón dáta a chuirtear ar fáil iad. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon fhaisnéis a fuarthas faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón bhfaisnéis a fháil.

9c. De mhaolú ar mhír 1 agus mír 2 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla i mBallstát údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil d'eintitis a liostaítear faoi na huimhreacha iontrála 10, 11 agus 12 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na cistí nó leis na hacmhainní eacnamaíocha le haghaidh seirbhísí láimhseála ar an talamh mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (23), de Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

9d. De mhaolú ar mhír 1 agus mír 2, féadfaidh údaráis inniúla de chuid Ballstáit údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na cistí nó leis na hacmhainní eacnamaíocha chun déileáil le hábhair aershábháilteachta práinneacha atá sainaitheanta go soiléir agus tar éis dul i gcomhairle roimh ré le Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh.

(*) Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle, (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).'

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

'10. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údaruithe a fuarthas faoi mhíreanna 8, 9, 9c agus 9d laistigh de 2 sheachtain ó údarú den sórt sin.';

(5) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(6) Cuirtear Iarscríbhinn II leis, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Samhain 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

IARSCRÍBHINN

(1) Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1532 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal na hIarscríbhinne:

'IARSCRÍBHINN I

Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3';

(b) cuirtear an iontráil seo a leanas leis faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha':

	Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
'20.	Mohammad Reza KHIABANI	محمدرضا مدرس خیابانی (Litriú Fairsise)	Post/poist: Stiúrthóir IRISL Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: *Islamic Republic of Iran Shipping Lines* (IRISL)	Is é Mohammad Reza Khibani stiúrthóir *Islamic Republic of Iran Shipping Lines* (IRISL) atá liostaithe ag an Aontas, arb é iompróir muirí náisiúnta na hIaráine é. Tá feidhm á baint as longa IRISL, leis na blianta, chun lasta míleata a sheoladh. Déanann *Iran's Islamic Revolutionary Guard Corps Navy* (IRGCN), atá liostaithe ag an Aontas, longa coimeádán atá faoi úinéireacht Ghrúpa IRISL a thiontú ina n-iompróirí ladrann. Is cuid de IRGC é IRGCN, agus áirítear leis rannán aerárthach gan foireann agus rannán diúracán. Tá IRGCN bainteach le clár aerárthaí gan foireann agus le clár diúracán na hIaráine, agus tá sé bainteach le diúracáin de chuid na hIaráine a aistriú chuig grúpaí agus eintitis armtha a bhaineann an bonn den tsíocháin agus den tslándáil sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua. Dá bhrí sin, ina cháil mar stiúrthóir ar IRISL, tá Mohammad Reza Khiabani bainteach le IRGCN.'	18.11.2024

(c) Cuirtear an iontráil seo a leanas leis faoin gceannteideal ‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí’:

	Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
‘17.	MG Flot LLC		Seoladh: Apartment 1, ul Lenina, Akhty, 18D, 368730, an Rúis Cineál eintitis: cuideachta loingseoireachta Cláruimhir: IMO 6016988	Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach é MG Flot LLC a bhfuil feidhm á baint as soithí dá cuid chun tráchtearraí míleata de chuid na hIaráine, lena n-áirítear comhpháirteanna aerárthaí gan foireann, a sheoladh chuig an Rúis. Tá soithí MG Flot LLC, lena n-áirítear an lastlong Rasul Gamzatov (IMO: 8861058; MMSI: 273157300), ag iompar airm agus armlón de dhéantús na hIaráine, lena n-áirítear comhpháirteanna aerárthaí gan foireann, trasna Mhuir Chaisp chun trúpaí na Rúise atá ag troid san Úcráin a athsholáthar. Dá bhrí sin, tá MG Flot LLC bainteach le haerárthaí gan foireann nó diúracáin de chuid na hIaráine nó teicneolaíochtaí gaolmhara nó comhpháirteanna díobh a aistriú chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach ar an Úcráin.	18.11.2024
18.	VTS Broker LLC		Seoladh: Office 19, ul Dzerzhinskogo, 72B, Astrakhan, 414015, an Rúis Cineál eintitis: cuideachta loingseoireachta Cláruimhir: IMO 5122966	Is cuideachta loingseoireachta é VTS Broker LLC a bhfuil feidhm á baint as soithí dá cuid chun tráchtearraí míleata de chuid na hIaráine, lena n-áirítear comhpháirteanna aerárthaí gan foireann, a sheoladh chuig an Rúis. Tá soithí VTS Broker LLC, lena n-áirítear an lastlong Musa Jalil (IMO: 8846814; MMSI: 273353660), ag iompar airm agus armlón de dhéantús na hIaráine, lena n-áirítear comhpháirteanna aerárthaí gan foireann, trasna Mhuir Chaisp chun trúpaí na Rúise atá ag troid san Úcráin a athsholáthar. Dá bhrí sin, tá VTS Broker LLC bainteach le haerárthaí gan foireann nó diúracáin de chuid na hIaráine nó teicneolaíochtaí gaolmhara nó comhpháirteanna díobh a aistriú chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach ar an Úcráin.	18.11.2024

	Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
19.	Arapax LLC		Seoladh: Apartment 6, ul Savushkina, 2, Astrakhan, 414056, an Rúis Cineál eintitis: cuideachta loingseoireachta Cláruimhir: IMO 6189893	Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach é Arapax LLC a bhfuil feidhm á baint as soithí dá cuid chun tráchtearraí míleata de chuid na hIaráine, lena n-áirítear comhpháirteanna aerárthaí gan foireann, a sheoladh chuig an Rúis. Tá soithí Arapax LLC, lena n-áirítear an lastlong Begey (IMO: 8943210; MMSI: 273421560), ag iompar airm agus armlón de dhéantús na hIaráine, lena n-áirítear comhpháirteanna aerárthaí gan foireann, trasna Mhuir Chaisp chun trúpaí na Rúise atá ag troid san Úcráin a athsholáthar. Dá bhrí sin, tá Arapax LLC bainteach le haerárthaí gan foireann nó diúracáin de chuid na hIaráine nó teicneolaíochtaí gaolmhara nó comhpháirteanna díobh a aistriú chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.	18.11.2024
20.	Islamic Republic of Iran Shipping Lines (IRISL)	گروه کشتیرانی جمهوری اسلامی ایران (Litriú Fairsise)	Áit chlárúcháin: an Iaráin Daoine aonair comhlachaithe: Mohammad Reza Khiabani (stiúrthóir) Eintitis chomhlachaithe: *Islamic Revolutionary Guard Corps Navy* (IRGCN)	Is é *Islamic Republic of Iran Shipping Lines* (IRISL) iompróir muirí náisiúnta na hIaráine. Tá feidhm á baint as longa dá cuid, leis na blianta, chun lasta míleata a sheoladh. Déanann *Iran's Islamic Revolutionary Guard Corps Navy* (IRGCN) longa coimeádán atá faoi úinéireacht Ghrúpa IRISL a thiontú ina n-iompróirí ladrann. Is cuid de IRGC é IRGCN, agus áirítear leis rannán aerárthach gan foireann agus rannán diúracán. Tá IRGCN bainteach le clár aerárthaí gan foireann agus le clár diúracán na hIaráine, agus tá sé bainteach le diúracáin de chuid na hIaráine a aistriú chuig grúpaí agus eintitis armtha a bhaineann an bonn den tsíocháin agus den tslándáil sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua. Dá bhrí sin, tá IRISL bainteach le IRGCN, atá liostaithe ag an Aontas.	18.11.2024’

(2) Cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas leis:

'IARSCRÍBHINN II

Liosta na gcalafort agus na loc dá dtagraítear in Airteagal 1a

	Ainm	Forais lena áireamh	Dáta cur i bhfeidhm
1.	Calafort Amirabad, an Iaráin	Airteagal 1a (1), pointe (d): úsáidtear le haghaidh aerfheithiclí gan foireann (UAVanna) nó diúracáin nó teicneolaíochtaí gaolmhara de chuid na hIaráine, nó comhpháirteanna díobh, a aistriú chun tacú leis an Rúis ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine	18.11.2024
2.	Calafort Anzali, an Iaráin	Airteagal 1a (1), pointe (d): úsáidtear le haghaidh aerfheithiclí gan foireann (UAVanna) nó diúracáin nó teicneolaíochtaí gaolmhara de chuid na hIaráine, nó comhpháirteanna díobh, a aistriú chun tacú leis an Rúis ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine	18.11.2024'

.